## An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde

# GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE LE hAGHAIDH GNÍOMHAIRÍ SEALADACHA 2(f) LE HAGHAIDH RIARTHÓIRÍ CLÁIR TAIGHDE AD 6

## REA/TA/AD 6/01/18

Is é is cuspóir don ghlao ar léiriú spéise seo, trí phainéal de Ghníomhairí Sealadacha a thiomsú le haghaidh trí phróifíl eolaíocha. Úsáidfear na painéil sin chun poist fholmha nua a líonadh do Riarthóirí Cláir Taighde laistigh den Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde (REA) le linn na tréimhse 2018 go 2020.

**TEIDEAL AN PHOIST: RIARTHÓIR CLÁIR TAIGHDE**

**GRÁD: AD 6**

**IONAD: AN BHRUISÉIL**

**PRÓIFÍLÍ:**

**1: INNEALTÓIREACHT, TFC, FISIC, MATAMAITIC, CEIMIC AGUS/NÓ SPÁSEOLAÍOCHT**
**2: BITHEOLAÍOCHT, COMHSHAOL AGUS GEO-EOLAÍOCHT AGUS/NÓ ÍOMHÁÚ LE SATAILÍTÍ, EOLAÍOCHTAÍ BEATHA**
**3: EOLAÍOCHT DHAONNA AGUS SHÓISIALTA AGUS/NÓ EACNAMAÍOCHT**

**AN LÍON IARRTHÓIRÍ ATÁ Á LORG DON PHAINÉAL DO GACH PRÓIFÍL:**

**Próifíl 1: 30**
**Próifíl 2: 20**
**Próifíl 3: 10**

**Ní féidir iarratas a dhéanamh ach ar aon phróifíl amháin. Ní mór duit an comórtas a roghnú tráth an t-iarratas a dhéanamh ar líne agus ní fhéadfaidh tú an rogha sin a athrú i ndiaidh duit d’iarratas ar líne a bhailíochtú.**

**Mura léir duit cé acu de na trí phróifíl is fearr a roghnú, ba cheart duit an phróifíl a roghnú is fearr a oireann don phríomhréimse saineolais atá agat. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi conas a dhéanamh amach cén phróifíl is fearr a oireann do do phríomhréimse saineolais, féach Iarscríbhinn II den Treoir d'Iarrthóirí atá ag gabháil le glao 2017 ar thograí le haghaidh Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie faoi Chreatclár an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus um Nuálaíocht H2020, ar shuíomh gréasáin REA.**
http://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/other/guides_for_applicants/h2020-guide-appl-msca-if_en.pdf

***Ní foláir clárú faoin sprioc-am seo: 8 Márta 2018 ar 12.00 (meán lae),* Am Lár na hEorpa (CET)**

Is iad an glao seo ar léiriú spéise agus an iarscríbhinn a ghabhann leis creat dlí ceangailteach na bpróiseas roghnúcháin seo.

## 1. Comhthéacs Ginearálta

Is comhlacht ilchultúrtha fuinniúil í an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde (REA), a bhunaigh an Choimisiúin in 2007. An cuspóir a bhí aici i dtosach ama, codanna den seachtú Creatchlár um Thaighde, Forbairt Theicneolaíoch agus Gníomhaíochtaí Taispeántais (FP7) a chur chun feidhme. In 2013, shín an Coimisiún tréimhse feidhme REA go dtí 2023 agus tharmlig sé chuige gníomhaíochtaí breise de chuid Fís 2020 – Creatchlár an Aontais Eorpaigh le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta (2014-2020). Bainistíonn REA na codanna seo a leanas de Fís 2020:

- 'Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie' agus an ghníomhaíocht 'FET-Oscailte' faoi Chuid 1 – 'Eolaíocht den Scoth';
- an ghníomhaíocht 'Spás' i gCuid II – ‘Ceannaireacht Thionsclaíoch’;
- na cuspóirí 'Sábháilteacht bia, talmhaíocht agus foraoiseacht inbhuanaithe, taighde uisce mara agus muirí agus intíre agus an bithgheilleagar', 'Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus machnamhacha' agus 'Sochaí shábháilte' as Cuid III – ‘Dúshláin sa tsochaí’;
- na cuspóirí sonracha 'barr feabhais a scaipeadh agus an rannpháirtíocht a leathnú' (Cuid IV) agus 'Eolaíocht i gcomhar leis an tsochaí agus le haghaidh na sochaí' (Cuid V) de Fís 2020.

Ar a bharr sin, bainistíonn REA na tionscadail atá ar siúl faoin sainordú atá aige faoi FP7 agus tugann sé seirbhísí tacaíochta riaracháin do na seirbhísí uile a bhainistíonn Fís 2020. Ar na seirbhísí sin tá bailíochtú dlí agus airgeadais rannpháirtithe i dtionscadail, conradh a dhéanamh le meastóirí saineolacha agus iad a íoc, comhéadan meastóireachta Fís 2020 agus an tSeirbhís Fiosrúcháin Taighde a bhainistiú.

Tá an buiséad oibríochtúil a bhainistíonn REA ag méadú ó € 1.6 billiún ina aghaidh na bliana in 2016 go €2.4 billiún in 2020.

Bíonn an ghníomhaireacht ag obair i ndlúthchomhar le seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh agus déanann Coiste Stiúrtha ina bhfuil ionadaithe ó na máthair-Ard-Stiúrthóireachtaí maoirseacht uirthi.

## 2. Critéir Incháilitheachta

Is ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas a chinnfear an bhfuil tú incháilithe don roghnú, critéir atá le comhlíonadh faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh:

### 2.1. Coinníollacha Ginearálta

Ar an dáta deiridh le hiarratas a dhéanamh de bhun an ghlao seo ar léiriú spéise, ní mór duit:

- a bheith i do náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach, den Íoslainn nó den Iorua;
- do chearta go léir mar shaoránach a theachtadh;
- aon oibleagáidí i dtaca le seirbhís mhíleata atá orthu de réir an dlí náisiúnta a chomhlíonadh;
- na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh.

## 2.2 Coinníollacha Sonracha

### A. Oideachas agus taithí oibre

- Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ***trí bliana ar laghad*** ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus ***trí bliana ar a laghad*** de thaithí oibre a fuarthas ina dhiaidh sin a bhaineann go díreach le dualgais an phoist.

**Ní ghlacfar ach dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó atá faoi réir teastais choibhéiseachta a d'eisigh údaráis ceann de na Ballstáit sin.**

### B. Eolas ar Theangacha

Ní mór eolas a bheith agat ar ***dhá cheann ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh***; leibhéal C1 (sáreolas), ar a laghad, ar cheann acu agus leibhéal B2 (eolas sásúil), ar a laghad, ar an gceann eile.

Tabhair do d'aire nach mór na híosleibhéil atá luaite thuas a bheith agat i dtaca le gach inniúlacht teanga (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá iarrtha san fhoirm iarratais. Tá na hinniúlachtaí sin leagtha amach i g*Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha*: *https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr*.

Sa ghlao seo is mar seo a thagraítear do na teangacha:

- Teanga 1: an teanga atá le húsáid sna trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire.
- Teanga 2: an teanga atá le húsáid san fhoirm iarratais, sna trialacha measúnaithe agus sa chumarsáid idir EPSO/REA agus na hiarrthóirí a rinne iarratas ar líne. An teanga a roghnófar mar theanga 1, ní féidir í a roghnú mar theanga 2 freisin.

***Ní mór an Béarla a roghnú mar theanga 2.***

Is i mBéarla a dhéanann Riarthóirí Cláir Taighde a gcúraimí agus iad ag plé le tionscadail punann ina bhfuil cuibhreannais de thairbhithe as tíortha éagsúla agus is é is gnáth a úsáidtear mar *lingua franca* i bpobal na heolaíochta. Meastar gur gá eolas maith ar an Béarla chun cás na dtairbhithe a anailísiú ar bhonn doiciméid ar nós tionscadail taighde, tuarascálacha, comhaontuithe faoi dheontais agus ráitis airgeadais. Is sa Bhéarla a bhíonn an chumarsáid uile, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, e.g. tuarascálacha a scríobh, iarrataí ar eolas a fhreagairt, cur i láthair a dhéanamh, plé a dhéanamh agus freastal ar chomhdhálacha. Dá bhrí sin, na hiarrthóirí a earcófar le bheith ina Riarthóirí Cláir Taighde, ní mór dóibh leibhéal B2 ar a laghad a bheith acu ar an mBéarla.

## 3. Próifíl/Dualgais

Is iad príomhchúraimí an Riarthóra Cláir Taighde na hoibríochtaí a chur chun feidhme is gá chun gur féidir leis an nGníomhaíocht Feidhmiúcháin chun próisis deontais a sheoladh agus a thabhairt i gcrích le haghaidh Fís 2020. Ina chuid de sin tá an mheastóireacht ar na tograí a eagrú agus a bhainistiú, comhaontuithe deontais a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail trí dhul chun cinn agus úsáid cheart acmhainní a mheasúnú agus trína chinntiú go ndearnadh an obair mar a bhí leagtha síos. Ar a bharr sin, is féidir go n-iarrfar ar Riarthóirí Cláir Taighde obair iardain a dhéanamh ar chomhaontuithe deontais a tugadh i gcrích faoin gcreatchlár a bhí ann roimhe sin.

Cuimsíonn na tionscadail a bhainistíonn an Ghníomhaireacht raon leathan réimsí eolaíocha agus teicniúla amhail innealtóireacht, TFC, matamaitic, ceimic agus/nó spáseolaíocht, bitheolaíocht, comhshaol agus geo-eolaíocht agus/nó íomháú le satailítí, eolaíochtaí beatha agus eolaíocht dhaonna agus shóisialta agus/nó eacnamaíocht.

Déanfaidh na Riarthóirí Cláir Taighde a earcófar na cúraimí seo a leanas:

- Glaonna ar thograí a ullmhú agus an pobal taighde agus nuálaíochta a choinneáil ar an eolas go gníomhach faoi dheiseanna maoiniúcháin;
- An mheastóireacht ar thograí (roghnú saineolaithe, lóistíocht, cruinnithe comhdhearcaidh, etc.) a eagrú nó páirt a ghlacadh in ullmhú na meastóireachta sin;
- Obair iardain a dhéanamh ar ghnéithe eolaíocha, riaracháin agus airgeadais de na deontais agus na leasuithe taighde agus nuálaíochta;
- Monatóireacht agus formheas a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha uile, agus saineolaithe ag cuidiú leo (más gá), i gcomhar leis an bhfoireann inmheánach riaracháin/airgeadais, gnéithe eolaíocha, riaracháin agus airgeadais san áireamh; ina chuid de sin tá iniúchtaí teicniúla a thionscnamh agus/nó bearta ceartaitheacha a shocrú le hidirbheartaíocht de réir mar is cuí;
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán (gnéithe eolaíocha agus teicniúla, scaipeadh, leas a bhaint as na torthaí) agus ar thionchar straitéiseach na dtionscadal; Tacú le braisliú gníomhaíochtaí agus scaipeadh torthaí;
- Nuair a iarrtar é, cúraimí a bhaineann le réimse áirithe den chlár a chomhordú (an t-ualach oibre a dháileadh, tuairisciú ar na gníomhaíochtaí agus scórchlár a choimeád, tuairisciú don Cheann Earnála nó don Cheann Aonaid);
- Páirt a ghlacadh sa mheastóireacht ar thionchar na gclár agus aiseolas ábhartha a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoi thorthaí tionscadail chun cuidiú leis an gCoimisiún beartais a cheapadh.
- Páirt a ghlacadh i malartuithe agus comhairliúcháin le heagraíochtaí speisialaithe, comhlachais, cumainn nó fóraim agus leis na seirbhísí ábhartha sa Choimisiún.
- Páirt a ghlacadh i nuashonrú treoracha agus uirlisí ábhartha;
- Páirt a ghlacadh i simpliú na rialacha agus na nósanna imeachta riaracháin;
- Lena chois sin, tá sé mar chuid de na cúraimí cruinnithe a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu, agus cúraimí ábhartha eile a bhaineann le misean agus cuspóirí REA/an Aontais.

Ina theannta sin, ba cheart do na hiarrthóirí a n-éireoidh leo scileanna maithe cumarsáide agus dréachtaithe ginearálta a bheith acu agus a bheith in ann oibriú go réamhghníomhach eagraithe agus gníomhaíochtaí a chur in ord tosaíochta. Ba cheart dóibh a bheith in ann oibriú i bhfoireann, a bheith pointeáilte, a bheith beacht cruinn agus leibhéal ard uimhríochta a bheith acu sa chaoi gur féidir leo eolas a anailísiú agus a struchtúrú, coincheapa a chruthú i leith fadhbanna agus réitigh a aimsiú agus a chur i bhfeidhm agus gnéithe oibríochtúla á gcur san áireamh acu.

## 4. COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, d'fhéadfadh sé go dtairgfí conradh sealadach dóibh faoi Theideal I d'Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Is é dhá bhliain fad tosaigh an chonartha agus is féidir síneadh bliana a chur leis. Má athnuaitear an conradh an dara huair, éireoidh sé ina chonradh tréimhse éiginnte, faoi réir aon teorainneacha atá le saolré na gníomhaireachta feidhmiúcháin.

Ní mór do na baill foirne shealadacha a léiriú roimh a gcéad ardú céime gur féidir leo a bheith ag obair sa tríú teanga de theangacha oifigiúla an Aontais.

Is é AD 6 grád tosaigh an ghlao seo ar léiriú spéise.

Tá scéim slándála sóisialta agus scéim pinsin dá gcuid féin ag institiúidí an Aontais. Ar bharr an bhuntuarastail is féidir go mbeidh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, go háirithe liúntas easaoránachta, liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais. Baintear cáin Chomhphobail as an tuarastal ag an bhfoinse agus tá baill foirne saor ón gcáin náisiúnta.

Is í an Bhruiséil ionad oibre na próifíle seo.

Na hiarrthóirí dá dtairgfear conradh, cuirfear iad ar chéim 1 nó céim 2 den ghrád ábhartha nuair a thosóidh siad sa phost, de réir fhad a dtaithí oibre. Is iad seo buntuarastail mhíosúla ghrád AD 6 mar a bhí an 1 Iúil 2017:

- Céim 1 € 5247,33
- Céim 2 € 5467,83

Is éard atá i dtuarastal na mball foirne, buntuarastal a bhfuil liúntais shonracha curtha leis, liúntas easaoránachta agus liúntas teaghlaigh san áireamh. Is féidir na forálacha maidir le ríomh na liúntas sin a léamh i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

## 5. COMHDHEISEANNA AGUS SOCRUITHE SPEISIALTA

Cuireann REA beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann sé le hiarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá fadhb shláinte agat, agus go bhféadfadh sin bac a chur ort na trialacha a dhéanamh, luaigh sin i d'iarratas agus abair cé na cineálacha socruithe speisialta atá de dhíth ort. Má thagann míchumas nó fadhb shláinte ort i ndiaidh duit an t-iarratas a bhailíochtú, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas a luaithe is féidir é ar an dóigh thíosluaite.

Tabhair do d'aire nach mór duit, chun go gcuirfear d'iarratas san áireamh, teastas ó chomhlacht stáit de chuid do Bhallstáit nó teastas dochtúra a thabhairt do EPSO. Scrúdófar do chuid doiciméad tacaíochta sa chaoi is go bhféadfar freastal réasúnta a dhéanamh ort más gá.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le foireann inrochtana EPSO:

- trí ríomhphost (EPSO-accessibility@ec.europa.eu);
- facs (+32 2 299 80 81); nó
- tríd an bpost: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)
  EPSO accessibility
  Avenue de Cortenbergh/Kortenberglaan 25
  1049 Bruxelles/Brussels
  BELGIQUE/BELGIË

## 6. AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

### *1. Iarratas a dhéanamh*

***Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach sa teanga a roghnaigh tú mar theanga 2 (EN) (féach roinn '*****B. EOLAS AR THEANGACHA*****').***

Ní mór an t-iarratas a dhéanamh trí do chuntas EPSO san fhoirm iarratais ar líne, de réir na dtreoracha faoi chéimeanna an phróisis atá ar shuíomh gréasáin EPSO.

Mura bhfuil cuntas EPSO agat, ba cheart duit ceann a chruthú. Tá na treoracha maidir le cuntas a chruthú ar shuíomh gréasáin EPSO: www.eu-careers.eu.

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat agus is fútsa atá sé féachaint chuige go bhfuil do sheoladh ríomhphoist agus do chuid sonraí pearsanta sa chuntas EPSO bord ar bhord leis an aimsir.

Agus an fhoirm iarratais á líonadh isteach agat, iarrfar ort a dheimhniú go bhfuil tú incháilithe don roghnú agus breis eolais a thabhairt ***a bhaineann leis an bpróiseas roghnúcháin seo***. Lena chois sin beidh ort teanga a roghnú mar theanga 1 (ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh) agus teanga a roghnú mar theanga 2 (an Béarla).

Is ionann an t-iarratas a bhailíochtú agus a dhearbhú ar d'fhocal go gcomhlíonann tú na coinníollacha ar fad atá luaite i roinn '**2**. **CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA**'. A luaithe a bheidh d'fhoirm iarratais bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athrú eile a dhéanamh uirthi. Fútsa atá sé féachaint chuige go mbeidh an t-iarratas líonta isteach agus bailíochtaithe ***faoin sprioc-am***.

**Ní mór an t-iarratas a dhéanamh roimh mheán lae, Am Lár na hEorpa (CET), an 8 Márta 2018.**

### *2. Na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire*

Má sháraíonn an líon iarrthóirí ***tairseach áirithe***, arna socrú ag stiúrthóir REA ina cháil mar an tÚdarás atá Údaraithe conarthaí a thabhairt i gcrích, tabharfar cuireadh do gach iarrthóir a bhailíochtaigh an fhoirm iarratais faoin sprioc-am sraith de thrialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh i gceann d'ionaid chreidiúnaithe EPSO.

Ach amháin má deirtear a mhalairt leat, ***ní mór duit coinne a dhéanamh*** chun na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh, de réir na dtreoracha a gheobhaidh tú ó EPSO. Is é is dóichí go dtairgfear roinnt dátaí duit ar a bhféadfaidh tú na trialacha a dhéanamh, agus roinnt ionad ina bhféadfaidh tú iad a dhéanamh freisin. Bíonn ***teorainn*** leis na tréimhsí inar féidir an choinne agus na trialacha a dhéanamh.

Má bhíonn an líon iarrthóirí ***faoi bhun na tairsí sin***, is ag céim an mheasúnaithe (féach pointe 5) a bheidh na trialacha sin ar siúl.

Ag seo leagan amach na dtrialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire:

| ***Triail*** | ***Teanga*** | ***Líon ceisteanna*** | ***Fad ama*** | ***Marcáil*** | ***Pasmharc*** |
|---|---|---|---|---|---|
| Réasúnaíocht bhriathartha | Teanga 1 | 20 ceist | 35 nóiméad | As 20 pointe a mharcálfar an triail seo | 10/20 |
| Réasúnaíocht uimhriúil | Teanga 1 | 10 gceist | 20 nóiméad | As 10 bpointe a mharcálfar an triail seo | 5/10 |
| Réasúnaíocht theibí | Teanga 1 | 10 gceist | 10 nóiméad | As 10 bpointe a mharcálfar an triail seo | 5/10 |

Trialacha díbeartha is ea na trialacha thuasluaite agus ní chuirfear na marcanna a ghnóthófar iontu le marcanna deiridh an roghnúcháin.

### *3. Seiceálacha incháilitheachta*

Déanfar na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha síos sa roinn '**2. COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA**' thuas a sheiceáil i gcomparáid leis na sonraí a thug na hiarrthóirí ina n-iarratas ar líne. Is é EPSO a sheiceálfaidh an gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta ginearálta agus is é na coistí roghnúcháin a sheiceálfaidh an gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta sonracha.

Tá dhá chás is féidir a bheith ann:

- Má bhíonn na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire ***ar siúl roimh ré***, déanfar seiceáil incháilitheachta ar chomhaid na n-iarrthóirí a bhain na pasmharcanna uile amach, in ord íslitheach na marcanna a ghnóthaigh siad sna trialacha sin, go dtí go sroichfear an tairseach atá luaite i bpointe 2. Ní sheiceálfar na comhaid eile.
- Mura mbeidh na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire ***ar siúl roimh ré***, déanfar seiceáil incháilitheachta ar chomhaid na n-iarrthóirí ar fad a bhailíochtaigh a bhfoirm iarratais faoin sprioc-am.

### *4. Roghnú ar bhonn cáilíochtaí (Talent Screener)*

Chun go bhféadfaidh na coistí roghnúcháin measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar bhuanna gach iarrthóra ar dhóigh struchtúrtha, ní mór do na hiarrthóirí uile atá sa phróifíl chéanna aon tacar amháin ceisteanna a fhreagairt sa *Talent Screener* san fhoirm iarratais. I gcás na n-iarrthóirí ***a mheasfar a bheith incháilithe, agus ina gcás siúd amháin,*** a dhéanfar an roghnú ar bhonn cáilíochtaí; déanfar é ar an gcaoi a bhfuil cur síos uirthi thuas i bpointe 3, agus is ar bhonn na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí ar cheisteanna an *Talent Screener*, agus ***ar a bhonn sin amháin***, a dhéanfar an measúnú. Dá bhrí sin, ba cheart duit gach eolas a bhaineann le hábhar a thabhairt i do fhreagraí sa Talent Screener, fiú amháin má tá sé luaite cheana i gcodanna eile den fhoirm iarratais. Beidh na ceisteanna bunaithe ar na critéir roghnúcháin atá leagtha amach san fhógra seo. Tá an liosta critéar in IARSCRÍBHINN I.

Chun an roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh, sa chéad dul síos, tabharfaidh na ***coistí roghnúcháin*** ualú (ó 1 go dtí 3) do gach critéar roghnúcháin, a léiríonn tábhacht an chritéir

sin le hais na gcritéar eile agus tabharfar idir 0 agus 4 phointe do gach freagra a thug an t-iarrthóir. Iolrófar na pointí faoin ualú atá ag gach critéar, agus suimeofar iad lena fháil amach cé na hiarrthóirí is mó atá in oiriúint do dhualgais an phoist.

Is iad na hiarrthóirí a ghnóthaigh na marcanna foriomlána is airde sa roghnú ar bhonn cáilíochtaí, agus na hiarrthóirí sin amháin, a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

***5. Céim an Mheasúnaithe***

***Trí oiread, ar a mhéad,*** an lín iarrthóirí atá á lorg don phainéal i ngach próifíl, sin é an líon iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh na trialacha measúnaithe a dhéanamh. Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cuireadh dóibh go léir na trialacha measúnaithe a dhéanamh.

Má léiríonn an t-eolas a thug tú i d'iarratas ar líne go gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta agus má bhíonn an marc a ghnóthaigh tú sa roghnú ar bhonn cáilíochtaí ar cheann de na ***marcanna foriomlána is airde***, tabharfar cuireadh duit freastal ar chéim an mheasúnaithe ar feadh lá amháin agus trialacha a dhéanamh sa Bhéarla. Is é is dóichí gur sa **Bhruiséil** a bheidh an chéim sin ar siúl.

***Mura mbeidh*** na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a bhfuil cur síos orthu i bpointe 2 ***ar siúl roimh ré***, is le linn chéim an mheasúnaithe a dhéanfaidh tú iad. Trialacha díbeartha is ea na trialacha thuasluaite agus ní chuirfear na marcanna a ghnóthófar iontu le marcanna deiridh an roghnúcháin.

Ní mór duit do chuid doiciméad tacaíochta a thabhairt leat go dtí céim an mheasúnaithe.

Déanfar ocht gcinn d'inniúlachtaí ginearálta agus inniúlachtaí sonracha gach próifíle a mheas le linn chéim an mheasúnaithe, agus déanfar sin le ***ceithre thriail*** (agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta, agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí sonracha, cleachtadh i ngrúpa agus cás-staidéar), a bhfuil cur síos orthu sna táblaí seo:

| ***Inniúlacht*** | ***Triail*** |
|---|---|
| 1. Anailísiú agus réiteach fadhbanna | Cleachtadh i ngrúpa |
| 2. Cumarsáid | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta |
| 3. Cáilíocht agus torthaí | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta |
| 4. Foghlaim agus forbairt | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta |
| 5. Tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán | Cleachtadh i ngrúpa |
| 6. Buanseasmhacht | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta |
| 7. Obair bhuíne | Cleachtadh i ngrúpa |
| 8. Cumas ceannaireachta | Cleachtadh i ngrúpa |

| | |
|---|---|
| Pasmharc | 3/10 i ngach inniúlacht agus 40/80 san iomlán |

| ***Inniúlacht*** | ***Triail*** | |
|---|---|---|
| 1. Inniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an bpost | Triail scríofa | Agallamh a bhaineann go sonrach leis an bpost |

| | | |
|---|---|---|
| Pasmharc | 40/80 | 20/40 |

Tabhair do d'aire gur féidir go mbeidh an scrúdú scríofa ar siúl ar dháta seachas an dáta a bheidh trialacha chéim an mheasúnaithe. Chun an triail seo a chur in áirithe, lean na treoracha a gheobhaidh tú ó EPSO.

***6. An Painéal***

Tar éis dóibh an tseiceáil a dhéanamh ar incháilitheacht na n-iarrthóirí ar bhonn a gcuid doiciméad tacaíochta, molfaidh na coistí roghnúcháin, i gcás gach próifíle, gearrliosta de na hiarrthóirí incháilithe a bhfuil na marcanna foriomlána is airde acu i ndiaidh chéim an mheasúnaithe, molfaidh siad sin don Údarás atá Údaraithe conarthaí REA a thabhairt i gcrích. Maidir leis an áit dheireanach ar an ngearrliosta, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear iad go léir ar an ngearrliosta. Nuair a bheidh sin déanta, déanfaidh an tÚdarás atá Údaraithe conarthaí REA a thabhairt i gcrích trí cinn de phainéil a thiomsú de na hiarrthóirí ar éirigh leo agus beidh na painéil sin bailí go dtí an 31 Nollaig 2020. Féadfar síneadh a chur le bailíocht na bpainéal. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA) líon teoranta daoine a earcú as na painéil sin.

A luaithe a bheidh an cinneadh sin déanta gheobhaidh na hiarrthóirí ar éirigh leo litir eolais. Os a choinne sin, ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann ainm duine a bheith sa phainéal agus ráthú go n-earcófar é.

Tabhair do d'aire go bhfuil obair agus plé na gcoistí roghnúcháin faoi rún. Dá bhrí sin, níor cheart d'iarrthóirí teagmháil dhíreach nó indíreach a dhéanamh leis na coistí roghnúcháin ná a iarraidh ar dhuine eile sin a dhéanamh thar a gceann. Forchoimeádann an tÚdarás atá Údaraithe conarthaí REA a thabhairt i gcrích, forchoimeádann sé an ceart aon iarrthóir a thabharfaidh neamhaird ar an treoir sin a dhícháiliú.

**Má fhaightear amach ag aon chéim den phróiseas go bhfuil an t-eolas a thug tú mícheart, dícháileofar thú.**

**7. SONRAÍ TEAGMHÁLA AGUS EOLAS**

Ní foláir aon fhadhb theicniúil a chur in iúl chomh luath agus is féidir é tríd an bhfoirm theagmhála atá ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO.( www.eu-careers.eu)

Má theastaíonn aon eolas ó na hiarrthóirí nó má tá aon cheisteanna acu faoina bhfuil san ghlao ar léiriú spéise seo ba cheart dóibh ríomhphost a sheoladh chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil seo:
(REA-TA-CALLS@ec.europa.eu).

Ba cheart duit breathnú i do chuntas EPSO **dhá uair sa tseachtain** ar a laghad chun go mbeidh tú ar an eolas faoi dhul chun cinn atá déanta agat sa phróiseas roghnúcháin.

## 8. IARRAIDH AR ATHBHREITHNIÚ AGUS NÓS IMEACHTA ACHOMHAIRC

### *1. Deacrachtaí teicniúla*

Má thagann mórdheacracht theicniúil nó eagraíochtúil romhat ag céim ar bith den phróiseas roghnúcháin, iarrtar ort **REA a chur ar an eolas ina thaobh láithreach agus tráth nach déanaí ná 3 lá féilire** i ndiaidh theacht chun cinn na faidhbe sa chaoi go bhféadfar an cás a bhreathnú agus bearta ceartaitheacha a dhéanamh chun an fhadhb a leigheas. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost chuig REA-TA-CALLS@ec.europa.eu.

Iarrtar ort d'ainm (an t-ainm a thug tú i do chuntas EPSO) a lua i ngach comhfhreagras, mar aon le d'uimhir iarratais agus uimhir thagartha an phróisis roghnúcháin.

I gcás **fadhb a tharla lasmuigh den ionad trialacha** (e.g. fadhb a bhaineann le hiarratas nó coinne a dhéanamh), déan teagmháil le EPSO trí shuíomh EPSO amháin (https://epso.europa.eu/help_en) agus mínigh go haicearrach cad í an fhadhb.

I gcás **fadhb a tharla san ionad trialacha** iarrtar ort:

- na feitheoirí a chur ar an eolas láithreach sa chaoi gur féidir réiteach a aimsiú san ionad féin. I gcás ar bith, iarraidh ar na feitheoirí an gearán atá agat a chur i scríbhinn; agus
- déan teagmháil le REA tráth nach déanaí ná 3 lá féilire i ndiaidh na trialach le ríomhphost chuig REA-TA-CALLS@ec.europa.eu, agus cur síos gairid a thabhairt ar an bhfadhb.

### *2. Iarrataí ar athbhreithniú*

A mhéid a bhaineann le hábhar na dtrialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire agus nó na dtrialacha inniúlachtaí ginearálta/sonracha, ní mór na hiarrataí ar athbhreithniú a dhéanamh a luaithe is féidir, faoi cheann **10 lá féilire** ar a mhéad i ndiaidh dháta do thrialach le ríomhphost chuig REA-TA-CALLS@ec.europa.eu.

A mhéid a bhaineann le haon chinneadh a rinne na coistí roghnúcháin lenar socraíodh do mharcanna agus/nó cé acu is féidir leat dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den roghnú nó atá tú dícháilithe, ní mór iarrataí ar athbhreithniú a dhéanamh faoi cheann **10 lá féilire** ón lá a cuireadh an cinneadh atá á chonspóid in iúl don iarrthóir.

Ní mór don iarrthóir an méid seo a chur san iarraidh: a uimhir iarratais, an t-eolas is gá chun cineál na hearráide a deirtear a bheith ann a shainaithint agus na cúiseanna a gcreideann sé gur gá athbhreithniú a dhéanamh air.

**Iarrataí a gheofar i ndiaidh na sprioc-amanna nó iarrataí nach bhfuil soiléir go leor chun an earráid a deirtear a bheith ann a shainaithint, ní chuirfear san áireamh iad.**

### *3. Achomhairc*

Tabhair do d'aire gurb í an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde an t-údarás ceapacháin (an t-Údarás atá Údaraithe conarthaí a thabhairt i gcrích) faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin

Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, gur faoina bhráidsean ba cheart aon ghearán riaracháin a chur.
tríd an bpost chuig:

Stiúrthóir REA – An tUasal Marc TACHELET
COV2 – 18/136
Place Rogier 16
1049 Bruxelles/Brussel
An Bheilg

Nó le ríomhphost chuig:
REA-TA-CALLS@ec.europa.eu

Má dhiúltaítear do ghearán go sainráite nó go hintuigthe (i ndiaidh dul in éag don tréimhse 4 mhí ón dáta a cuireadh isteach an gearán) féadfaidh tú achomharc breithiúnais a chur isteach chuig an gCúirt Ghinearálta faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne.

Maidir le mionsonraí faoi conas achomharc breithiúnais a chur isteach agus faoi conas a fháil amach cé na sprioc-amanna atá leagtha síos, tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta ag: http://curia.europa.eu/jcms/.

Is féidir leat gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh.

**Sula ndéanfaidh tú sin, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann agus na foirmiúlachtaí riaracháin iomchuí a chomhlíonadh** (féach thuas).

Ní bheidh mar thoradh ar ghearán a chur faoi bhráid an Ombudsman síneadh a chur leis na sprioc-amanna le gearáin riaracháin ná achomharc breithiúnach a dhéanamh.

Ag seo an dóigh le gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman:

- **nós imeachta:** gabh chuig suíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh (http://www.ombudsman.europa.eu/).

## 4. Dícháiliú ón bpróiseas roghnúcháin

Féadfar tú a dhícháiliú ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin má fhaigheann EPSO amach:

- gur chruthaigh tú níos mó ná cuntas EPSO amháin;
- go ndearna tú iarratas ar theaglaim réimsí nó próifílí nach bhfuil ceadaithe;
- nach gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta ar fad;
- go ndearna tú dearbhuithe bréagacha nó dearbhú nach raibh na doiciméid chuí mar thaca leis;
- nach ndearna tú coinne chun na trialacha a dhéanamh nó nach ndearna tú na trialacha iad féin;
- go ndearna tú séitéireacht i dtriail;

– nár dhearbhaigh tú san fhoirm iarratais na teangacha is gá, nó nár dhearbhaigh tú an t-íosleibhéal a theastaíonn sna teangacha sin;

– gur fhéach tú le dul i dteagmháil le ball de na coistí roghnúcháin ar dhóigh neamhúdaraithe;

– nár chuir tú in iúl do EPSO go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann a bhaineann le ball de na coistí roghnúcháin;

– gur i dteanga seachas an teanga a leagadh síos sa ghlao seo a líon tú isteach d'iarratas (féadfar teanga eile a úsáid i gcásanna áirithe, e.g. ainmneacha dílse, teidil oifigiúla, teidil poist sna doiciméid tacaíocht agus in ainmneacha/teidil dioplómaí); agus/nó

– go ndearna tú nó gur scríobh tú sainmharc i dtrialacha scríofa a mharcáiltear gan aon ainm luaite leo nó i dtrialacha praiticiúla.

## IARSCRÍBHINN I

**CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN**

*Déanfaidh an coiste roghnúchán na critéir seo a leanas a chur san áireamh agus an roghnú ar bhonn cáilíochtaí á dhéanamh aige:*

1) Dioplóma(í) ardoideachais a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí eolaíocha/teicniúla atá luaite sa phróifíl a roghnaíodh.

2) Taithí oibre ar chúraimí eolaíocha/teicneolaíocha a dhéanamh mar thaighdeoir i bhfoireann tionscadail Taighde/Nuálaíochta i gceann amháin nó níos mó de na réimsí eolaíocha/teicniúla atá luaite sa phróifíl a roghnaíodh.

3) Taithí oibre mar chomhordaitheoir foirne tionscadail Taighde/Nuálaíochta i gceann amháin nó níos mó de na réimsí eolaíocha/teicniúla atá luaite sa phróifíl a roghnaíodh.

4) Taithí oibre ar riarachán tionscadail i gcomhlacht náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhaineann le tionscadail a chur chun feidhme laistigh den phróifíl a roghnaíodh nó lasmuigh di.

5) Taithí oibre ar riarachán tionscadail (roghnú tionscadal nó monatóireacht tionscadal) i gcomhlacht náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhaineann le tionscadail a mhaoiniú laistigh den phróifíl a roghnaíodh nó lasmuigh di.

6) Taithí oibre ar idirbheartaíocht a dhéanamh le tríú páirtithe amhail comhlachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta, údaráis agus ionadaithe cuideachtaí, eagraíochtaí acadúla agus taighde agus an tsochaí shibhialta.

7) Taithí oibre ar thorthaí tionscadal a scaipeadh agus leas a bhaint as na torthaí sin.

8) Taithí oibre ar mheastóireacht a dhéanamh ar thionchar tionscadal/clár agus aiseolas a thabhairt le haghaidh forbairt beartas.